22 Aibreán, 2010

Fáiltíonn an tAire Carey roimh an dul chun cinn atá déanta in eagrú Ócáid Chuimhneacháin Náisiúnta an Ghorta Mhóir i Muraisc, Co Mhaigh Eo

Inniu (22/04/10), bhí Pat Carey, T.D. sa chathaoir ar a chéad chruinniú de Choiste Cuimhneacháin Náisiúnta an Ghorta Mhóir i dTithe an Rialtais.

Ag labhairt dó i ndiaidh an chruinnithe dúirt sé:

"Tugann sé misneach dom an méid dul chun cinn a fheiceáil atá déanta ag an gCoiste - ag an leibhéal náisiúnta agus áitiúil araon - i dtreo clár iomlán imeachtaí a fhorbairt le haghaidh Lá Cuimhneacháin Náisiúnta an Ghorta Mhóir i Muraisc, Co Mhaigh Eo ar an 16ú Bealtaine, 2010. Is téamaí iad oidhreacht ghinearálta na himirce, cailliúint chultúrtha agus meath na Gaeilge mar aon leis na saincheisteanna a bhaineann le cinnteacht bhia agus tiomantas láidir na Gael do chabhair dhaonnúil agus d'fhaoiseamh daonnúil, atá ríthábhachtach inniu agus tá a fhios agam go bhfuil mionscrúdú déanta an gCoiste ar na téamaí sin in ullmhú an chláir oibre".

Bhí Iarthar na hÉireann, agus Contae Mhaigh Eo go háirithe, ar cheann de na ceantair is measa a d'fhulaing le linn an Ghorta Mhóir, agus i gcoinne an chúlra seo, chinn Coiste Cuimhneacháin Náisiúnta an Ghorta Mhóir gur chóir an Ócáid Chuimhneacháin Náisiúnta i 2010 a eagrú i Muraisc, Co Mhaigh Eo, ina bhfuil Séadchomhartha Náisiúnta an Ghorta Mhóir lonnaithe. Beidh ócáid ghorta chomhthreomhar idirnáisiúnta ar siúl i Nua-Eabhrac le linn Mhí na Bealtaine i 2010 agus tá clár iomlán imeachtaí á fhorbairt faoi láthair maidir leis seo.

B'é seo an cruinniú deireanach den Choiste reatha agus táthar ag súil go dtionólfar Coiste nua san Fhómhar. Ghabh an tAire buíochas le baill an Choiste as a n-ionchur le dhá bhliain anuas.

Críoch